C/2024/1121

25.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11389 — ASPO / OP / ESL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1121)

1. An 15 Eanáir 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— OP Finland Infrastructure LP ('OPSI', an Fhionlainn), atá faoi rialú deiridh OP Cooperative (an Fhionlainn),

— Aspo Plc ('Aspo', an Fhionlainn), cuideachta atá liostaithe go poiblí, agus

— ESL Shipping Ltd ('ESL', an Fhionlainn), faoi rialú Aspo.

Gheobhaidh OPSI agus Aspo rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar ESL.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus le conartha.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste infheistíochta é OPSI a dhíríonn ar infheistíochtaí i mbonneagar na Fionlainne. Is é an t-eintiteas rialaithe, OP Cooperative, an comharchumann lárnach do OP Financial Group a sholáthraíonn seirbhísí éagsúla baincéireachta, infheistíochta agus árachais i dtrí dheighleog ghnó: seirbhísí baincéireachta miondíola, baincéireachta corparáidí agus árachais.

— Is cuideachta iltionscail é Aspo a bhfuil na gnólachtaí seo a leanas aici: (i) ESL, (ii) Telko Ltd, dáileoir agus soláthraí réiteach le haghaidh tiontairí agus úinéirí branda atá ag iarraidh a ngnó a chosaint trí húsáid plaisteach, ceimiceáin nó bealadh a sheasfaidh an aimsir, agus (iii) Leipurin Plc a oibríonn mar chuid den slabhra bia, a fhaigheann amhábhair agus meaisíní ó mhargaí domhanda agus ó chuideachtaí intíre, agus a sholáthraíonn iad do chuideachtaí sa tionscal bia.

— Is cuideachta bulclasta thirim é ESL atá gníomhach i réigiún Mhuir Bhailt, i dTuaisceart agus in Iarthar na hEorpa den chuid is mó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11389 — ASPO / OP / ESL

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË